



An Bhruiséil, 8 Samhain 2019
(OR. en)

13691/19

Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0114(COD)

CODEC 1565
DRS 57
IA 197

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Dréacht-TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir (AE) 2017/1132 maidir le comhshónna, cumaisc agus deighiltí trasteorann (an chéad léamh) - Glacadh an ghnímh reachtaigh

1. Ar an 25 Aibreán 2018, chuir an Coimisiún a thogra¹, atá bunaithe ar Airteagal 50 (1) agus (2) CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.
2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh ar an 17 Deireadh Fómhair 2018.²
3. Ar an 18 Aibreán 2019, ghlac Parlaimint na hEorpa an seasamh uaithe ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún (gan athbhreithniú dlítheangeolaíoch). Tar éis do na dlítheangeolaithe bailchríoch a chur ar an téacs a glacadh, d'fhorpheas an Parlaimint ceartúchán a rinneadh ar an seasamh sin le linn an tseisiúin iomlánaigh a bhí aici ón 21 go dtí an 24 Deireadh Fómhair 2019. Is léiriú é sin ar an gcomhréiteach ar tháinig na ceithre institiúid air agus ba cheart, dá bhrí sin, go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis³.

¹ 8561/18.

² OJ C 62, 15.2.2019, lch. 24.

³ 8499/19.

4. Iarrtar, dá bhrí sin, ar Choiste na mBuanionadaithe a dhaingniú go n-aontaíonn sé leis sin agus an méid seo a mholadh don Chomhairle:

- an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 84/19 é, a fhorghheas mar mhír "A" ar chláir oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, agus an Eastóin agus an Ríocht Aontaithe ag staonadh ón vótáil;
- a chinneadh go ndéanfar an ráiteas atá in Aguisín 1 a ghabhann leis an nóta seo a chur isteach i miontuairiscí an chruinnithe sin.

Má fhorghheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glactar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, déanfar é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
